Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an mhéid a caitheadh ar thuarastail agus ar speansais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, de réir an cheanglais sin.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair.

Tá barrachas €167,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Speansais fhabhraithe***

Áirítear sna speansais fhabhraithe nótaí maidir le táillí abhcóidí a fuarthas ó abhcóidí atá faoi réir phróiseas meastóireachta agus measúnaithe chun leibhéal na dtáillí atá dlite a dhéanamh amach. Léiríonn fabhrú dheireadh na bliana dliteanais na dtáillí abhcóidí a ríomhadh nuair a tugadh an próiseas meastóireachta agus measúnaithe chun críche a scaoiltear laistigh de dhá mhí roimh dheireadh na bliana.

## Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánaigh.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú airgeadais inmheánaigh ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú airgeadais inmheánaigh agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla ar fáil d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí,
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialúairgeadais inmheánaigh.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, agus cloítear le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ó bhí 2015 ann i bhfoirm comhaontú conartha le cuideachta gairmiúil iniúchta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí fostaithe agus a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh don Oifig i bhfeidhm le linn 2019.

***Comhlíontas soláthair***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás ocht gconradh a bhfuil luach €483,258 acu nuair a bhí socruithe conartha áitiúla déanta a bhí ag teacht salach ar threoirlínte soláthair náisiúnta. Tá an próiseas tairisceana tugtha chun críche ag an Oifig le haghaidh ceann de na míreanna caiteachais is suntasaí atá ann agus tá conradh nua curtha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020. Lena chois sin, tá sé i gceist leas a bhaint as socruithe, atá i bhfeidhm anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, chun méid áirithe conarthaí a dhámhachtain le linn 2020. Tá an t-ocht gconradh sin san áireamh i liosta ar a bhfuil 16 chonradh faoinar bronnadh luach €828,789 ar an iomlán gan dul i mbun próiseas iomaíoch agus atá san áireamh i dtuairisceán 40/2002 de bharr go sáraíonn siad an teorainn tuairiscithe €25,000. Breithnítear go bhfuil an t-ocht gconradh eile a bhfuil luach €345,531 leo comhlíontach ós rud é go dtagann an t-údar leis na conarthaí sin a bhronnadh laistigh de na heisceachtaí i ndáil le próiseas iomaíoch a cheadaítear i reachtaíocht náisiúnta agus AE.

***Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide***

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (*ICT*) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála *ICT.*

***Rialuithe riaracháin agus airgeadais***

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialuithe. Breithníonn an Coiste Iniúchta gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnú agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar na gclár ar bhonn débhliantúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Treoraíonn obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil, obair mhonatóireachta na hOifige agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánaigh maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2020

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phriomh Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Ag tuairisciú faoi ábhair eile a eascraíonn as iniúchadh*

Scrúdaítear, le Caibidil 6 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí i gcomhair 2019, an mhoill ar íoc na dtáillí d'abhcóidí ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Iúil 2020

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A Seirbhísí dlí a sholáthar | | | | |
| *Bunaidh* | 35,571 | | | |
| *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | 40,571 | 40,437 | 33,982 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 35,571 | | | |
| *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | **40,571** | **40,437** | **33,982** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí i gCabhair** | | **955** | **988** | **1,374** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 34,616 | | | |
| *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | **39,616** | **39,449** | **32,608** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **166,519** | **1,087,182** |

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 20,333 | 15,217 |
| Pá | | 17,735 | 16,591 |
| Neamhphá | | 2,369 | 2,174 |
| **Ollchaiteachas** | | **40,437** | **33,982** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **988** | **1,374** |
| **Glanchaiteachas** | | **39,449** | **32,608** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (167) | | |
| Dímheas | 251 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | 85 | 178 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 178 | | |
| Méadú ar stoc | (4) | 174 | 1,875 |
| **Caiteachas díreach** | | **39,708** | **34,661** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,398 | 3,192 |
| Measchíosanna | | 865 | 835 |
| **Glanchostas cláir** | | **43,971** | **38,688** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna seo a leanas

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,904 | 1,543 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,464 | 1,624 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 30 | 25 |
| | | **3,398** | **3,192** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 511 | 596 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,982 | 830 |
| Stoic | 2.3 | 51 | 47 |
| Réamhíocaíochtaí | | 192 | 241 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 9,829 | 9,806 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 175 | 181 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 12,229 | 11,105 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 2,958 | 2,806 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 2,133 | 1,114 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 24 | (103) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 5,115 | 3,817 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 7,114 | 7,288 |
| **Glansócmhainní** | | **7,625** | **7,884** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.8 | **7,625** | **7,884** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus fearais | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 4,558 | 1,724 | 6,282 |
| Suimeanna Breise | 123 | 44 | 167 |
| Diúscairtí | (43) | (61) | (104) |
| Costas nó Luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 4,638 | 1,707 | 6,345 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 4,074 | 1,612 | 5,686 |
| Dímheas don bhliain | 213 | 38 | 251 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (43) | (60) | (103) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | 4,244 | 1,590 | 5,834 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **394** | **117** | **511** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 484 | 112 | 596 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim *PMG* | 1,980 | 821 |
| Iarmhéideanna eile cuntais bainc | 2 | 9 |
| | **1,982** | **830** |

**Cuntais bhainc neamh-vóta**

Coinníonn an *CSSO* roinnt cuntas bainc ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliant agus tríú páirtithe a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta an *CSSO* ná a íoctar ó vóta an *CSSO* a tharchur trí na cuntais bhainc seo. B'ionann an méid a bhí coinnithe i gcuntais den chineál seo ag deireadh na bliana 2019 agus €7.25 milliún (2018: €6.29 milliún) agus níl sin san áireamh sa chuntas leithreasa.

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 51 | 47 |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | 9,806 | 9,631 |
| Fáltais airgid | (71) | (164) |
| Socruithe | (98) | (214) |
| Suimeanna Breise | 192 | 553 |
| Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig 2019 | **9,829** | **9,806** |

Is ionann ioncam fabhraithe agus costais a ngearrtar cáin orthu atá dlite don Stát nach bhfuil gnóthaithe fós. Is é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach costas a ngearrtar cáin orthu a dhámhtar i bhfabhar an Stáit.

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí abhcóide (féach nóta 2.11) | 2,645 | 2,626 |
| Speansais ghinearálta dlí | 107 | 108 |
| Speansais theagmhasacha | 61 | 27 |
| Innealra oifige | 56 | 11 |
| Postas agus teileachumarsáid | 38 | 14 |
| Speansais eile | 51 | 20 |
| | **2,958** | **2,806** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 351 | 277 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 189 | 153 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1,146 | 489 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 79 | 64 |
| Cáin Bhreisluacha | 30 | 7 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 1,796 | 991 |
| | | |
| Maoin Stáit – eastáit eiséata [a] | 337 | 123 |
| | **2,133** | **1,114** |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascraíonn na méideanna eile uilig atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha an *CSSO* agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ina bhfuil an *CSSO* ag fanacht ar threoracha diúscartha.

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 167 | 1,087 |
| Deontas neamhtharraingthe an Státchiste | (143) | (1,190) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **24** | **(103)** |
| | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,982 | 830 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 175 | 181 |
| | 2,157 | 1,011 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,796) | (991) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (337) | (123) |
| | (2,133) | (1,114) |
| | | |
| | **24** | **(103)** |

## 2.8 Cuntas mhaoiniú an stáit

| | Nótaí | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 7,884 | 9,937 |
| Íocaíochtaí amach as an Vóta | | | | |
| Soláthar Measta | Cuntas | 39,616 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (167) | | |
| Glanvóta | | | 39,449 | 32,608 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 3,398 | 3,192 |
| Caiteachas neamh - airgid - measchíos | 1 | | 865 | 835 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (43,971) | (38,688) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **7,625** | **7,884** |

## 2.9 Tiomantais

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 807 | 903 |

## 2.10 Dliteanais aibí

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | 128 | 83 |

## 2.11 Nótaí maidir le táillí abhcóide

Tá córas láidir ag an CSSO chun an leibhéal oiriúnach táillí abhcóide a chinneadh ar bhonn cás go chéile. Tar éis don Ard-Aighne é/í a ainmniú, téann abhcóide i mbun na hoibre dlí agus seolann nóta táille. Déanann an *CSSO* meastóireacht ar gach nóta táille chun a chinneadh cén táille atá oiriúnach don obair a rinneadh, ag cur san áireamh tosca éagsúla, inter alia, castacht an cháis; an méid oibre atá déanta ag an abhcóide; agus a fheabhas a chruthaigh an t-abhcóide.

Áirítear figiúr na bhfabhruithe thíos sa méid iomlán a cuireadh isteach. Léiríonn fabhruithe dheireadh na bliana dliteanais na dtáillí abhcóide a ríomhadh nuair a tugadh an próiseas meastóireachta agus measúnaithe chun críche a scaoiltear laistigh de dhá mhí roimh dheireadh na bliana agus áirítear an méid sin sna speansais fabhraithe sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

.

| **Nótaí maidir le Táillí Abhcóide** | **Líon na nótaí** | **An méid a cuireadh ar isteach** | **Luach dímheasta** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig 2019 | | **€000** | **€000** |
| An méid a iarradh | 1,103 | 9,475 | Ar bun |
| Fabhruithe | 556 | 3,882 | 2,645 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionnroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 18,113 | 17,735 | 16,591 |
| ii | Taisteal agus Cothabháil | 70 | 101 | 97 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 983 | 974 | 971 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 330 | 284 | 310 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 750 | 784 | 656 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 275 | 166 | 123 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead | 50 | 60 | 17 |
| | | **20,571** | **20,104** | **18,765** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

i **Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar measta: €18.113 milliún, toradh: €17.735 milliún*

Sábháladh €378,000 ar thuarastail, pánna agus liúntais mar gheall ar líon níos mó daoine ag imeacht ná mar a rabhthas ag súil leis agus mar gheall ar an am a bhí i gceist ansin chun baill foirne eile a earcú. Chomh maith leis sin rinne an oifig costais foirne maidir le obair dlí faoi leith €863,000 (2018 - €707,000) a aisghabháil ó ranna eile an rialtais.

vi **Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige**

*Soláthar measta: €275,000, toradh: €166,000*

Sábháladh €109,000 faoin bhfo-mhírcheann seo mar gheall gur cuireadh siar riachtanais áirithe deisiúcháin agus cothabhála a bhí beartaithe.

## Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 18,113 | 17,735 | 16,591 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,458 | 2,369 | 2,174 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí | | 200 | 156 | 221 |
| A.4 | Táillí abhcóide | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | 18,500 | 19,237 | 13,971 |
| A.5 | Speansais ghinearálta dlí | | 1,300 | 940 | 1,025 |
| | | | **40,571** | **40,437** | **33,982** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.866 milliún níos mó ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí sé seo comhdhéanta de chomhiomlán (a) sábháil €467,000 maidir le caiteachas riaracháin atá mínithe cheana féin agus (b) glanbharrachas €5.333 milliún a bhain le caiteachas neamhriaracháin mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.4 Táillí abhcóide**

*Soláthar measta: €13.5 milliún, toradh: €19.237 milliún*

Bhain barrachas an €5.737 milliún i gcaiteachas a bhain leis an soláthar measta bunaidh le roinnt cásanna ardphróifíle agus casta a raibh an Oifig ag plé leo i rith na bliana agus iarracht mhór a rinneadh (trí úsáid a bhaint as an meastachán forlíontach €5 mhilliún) le leibhéal na dtáillí thar téarma a laghdú.

**A.5 Speansais ghinearálta dlí**

*Soláthar measta: €1.3 milliún, toradh: €940,000*

Ba mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh cásanna cúirte sna cúirteanna an tsábháil €360,000 i gcaiteachas a bhain leis an soláthar measta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 200 | 257 | 556 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 755 | 731 | 818 |
| | | **955** | **988** | **1,374** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi Alt 10 den Acht Maoine Stáit, 1954 | 10,715 | 3 |
| Aistrithe chuig an Státchiste [a] | (10,715) | (3) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

Nóta [a] Rinneadh €10,715,099 san iomlán (2018: €2,540) a thaisceadh leis an Státchiste faoin Acht Maoine Stáit, 1954. Maidir le figiúr na bliana 2019, baineann €10,697,278 le sócmhainní cuideachta lánscortha a dhílárú.

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Foireann *CSSO* dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí | 273 | 249 |
| Foireann *CSSO* ag obair ar thionscadail do ranna/oifigí eile | 12 | 11 |
| Líon foirne ag deireadh na bliana (ionann is lánaimseartha) | 285 | 260 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 16,881 | 15,745 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 98 | 108 |
| Liúntais eile | 7 | 7 |
| Ragobair | 72 | 49 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,540 | 1,389 |
| **Pá comhlán iomlán** | 18,598 | 17,298 |
| Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile | (863) | (707) |
| **Glanphá iomlán** | **17,735** | **16,591** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 37 | 2 | 11,011 | 14,159 |
| Liúntais eile | 4 | — | 1,848 | 1,783 |
| Ragobair | 20 | 1 | 30,923 | 15,334 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 5 | 3 | 35,118 | 19,229 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 14 | 21,310 | 41,712 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | — | — | 30,934 |